# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2016

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# TREORACHA GINEARÁLTA

1. Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2. Ní mór don Scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4. Ní ceart don Scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

5. Dírítear aird an Scrúdaitheora Chúnta ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar **lch. 10** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

| **Roinn I** | **Cluastuiscint** | **(40 marc)** |
| --- | --- | --- |
| **N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin. | | |

## Treoracha

1. Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal / na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta , glac leis mar fhreagra**.**

2. Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach **pictiúr nó litir amháin a roghnú** i ngach cás.

**N.B**. Glac le **tic** (✓) **in aice nó ciorcal timpeall na litreach** sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe.

*************************************************************************************

Tá **ceithre cheist déag** san áireamh i **Roinn 1** (An Triail Chluastuisceana).

## Cuid A (16 mharc)

Sé mhír eolais á lorg

**C.1.** (An Chéad Chainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc
**C.2**. (An Dara Cainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc

Cuid A - C1. + C.2. = 16 mharc

## Cuid B (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** (Fógra) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. (Píosa Nuachta) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

Cuid B - C1. + C.2. = 12 mharc

## Cuid C (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** (Comhrá a hAon) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. (Comhrá a Dó) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

Cuid C - C1. + C.2. = 12 mharc

Roinn I (An Triail Chluastuisceana) – Cuid A + Cuid B + Cuid C = 40 marc

| **Roinn II** | **Léamhthuiscint** | **120 marc** |
|---|---|---|

**Gach ceist gach le freagairt**:

**Ceist 1** = Meaitseáil = 30 marc
**Ceist 2** = Fógraí = 30 marc
**Ceist 3** = Sleachta leanúnacha = 60 marc

C.1 + C.2 + C.3 = 120 marc

**30**

**C.1** 30 marc = 3 mharc x 10 = 30 marc

**30**

**C.2** **Trí** Fhógra: Freagair do rogha **dhá cheann** de (**a**), (**b**), (**c**) = 15 + 15 = 30 marc

**(a)** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

**(b)** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

**(c )** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

Rogha **dhá cheann** de (**a**), (**b**), (**c**) = 15 + 15 = 30 marc

**60**

**C.3** **Dhá** Shliocht Leanúnach: Freagair (a) **agus** (b) = 30 + 30 = 60 marc

**(a)** (**i**) = 6 mharc + (**ii**) = 6 mharc + (**iii**) = 6 mharc + (**iv**) = 6 mharc + (**v**) = 6 mharc + (**vi**) = 6 mharc

= 6 mharc x 5 = 30 marc

**(b)** (**i**) = 6 mharc + (**ii**) = 6 mharc + (**iii**) = 6 mharc + (**iv**) = 6 mharc + (**v**) = 6 mharc + (**vi**) = 6 mharc

= 6 mharc x 5 = 30 marc

| **Roinn III** | **Ceapadóireacht** | **80 marc** |
|---|---|---|

**Gach ceist gach le freagairt**:

**Ceist 4** = Cárta Poist = 20 marc
**Ceist 5** = Blag / Cuntas = 20 marc
**Ceist 6** = Litir *nó* Alt / Cuntas = 40 marc

C.4 + C.5 + C.6 = 80 marc

**Treoir** maidir le do chuid marcála i Roinn III:

Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'. Feic lch **6-9**.

- ✓ **Eolas** = Comhlíonadh na bpointí atá luaite.
- ✓ **Gaeilge =** Cumas Cumarsáide /Aimsirí / Saibhreas Foclóra / Forbairt

20

## C. 4 Cárta Poist 20 marc

✓ **Eolas:** marc as 5 mharc

✓ **Gaeilge:** blocmharc as 15 mharc

- Ní gá síniú ná beannú a bheith ann.
- Bronn na marcanna eolais ar phointí loma.

20

## C. 5 Blag / Cuntas 20 marc

✓ **Eolas:** 1 mharc x 4 = 4 mharc

✓ **Gaeilge:** blocmharc as 16 mharc

40

## C. 6 Freagair (**a**) **Litir** *nó* (**b**) **Alt** / **Cuntas** 40 marc

**(a) Litir:**

✓ **Foirmlí:** = 4 mharc

| | |
|---|---|
| **seoladh** | = 1 mharc |
| **dátaí** | = 1 mharc |
| **beannú** | = 1 mharc |
| **síniú scoir** | = 1 mharc |

✓ **Eolas:** 4 mharc x 2 = 8 marc

✓ **Gaeilge:** blocmharc as 28 marc

**(b) Alt/Cuntas**

✓ **Eolas:** 2 mharc x 5 = 10 marc

[**Eolas**: pointe amháin eolais as gach sraith (bosca) + pointe eolais ar bith eile as sraith (bosca) ar bith]

✓ **Gaeilge:** blocmharc as 30 marc

**Treoir**: I **Roinn III** (**C.4**, **C.5**, **C.6**) má bhronntar ‘0’**(náid)** ar **Eolas** bronntar 0 (**náid**) ar **Ghaeilge.**

## Táblaí Coibhnis

Má tá pointí ar lár san **Eolas** i gCeist **1**, i gCeist **2** agus i gCeist **3** caithfidh **coibhneas** a bheith idir an marc don **eolas** agus an marc is airde gur féidir a bhronnadh ar an **nGaeilge.**

### **Ceist 4** (Cárta Poist)

| **Eolas** | **Marc don Ghaeilge** | **Grád** |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 3 mharc | A 3<br>B 2<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 6 mharc | A 5-6<br>B 4<br>C 3<br>D 2<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 9 marc | A 7-9<br>B 6<br>C 5<br>D 4<br>E 3<br>F 1<br>NG 0 |
| 4 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 5 phointe | as 15 mharc | A 13-15<br>B 10-12<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 1 |

# Ceist 5 Cuntas/Blag

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 4 mharc | A 3-4<br>B 3<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 8 mharc | A 7-8<br>B 6-7<br>C 4-5<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 4 phointe | as 16 marc | A 14-16<br>B 11-13<br>C 9-10<br>D 6-8<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |

## Ceist 6 (a) Litir

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 7 marc | A 6-7<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 14 mharc | A 12-14<br>B 10-11<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |
| 3 phointe | as 21 mharc | A 19-21<br>B 15-18<br>C 12-14<br>D 8-11<br>E 5-7<br>F 3-4<br>NG 0-2 |
| 4 phointe | as 28 mharc | A 24-28<br>B 20-23<br>C 15-19<br>D 11-14<br>E 7-10<br>F 4-6<br>NG 0-3 |

# Ceist 6 (b) Alt/Cuntas

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 6 mharc | A 6<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 12 mharc | A 10-12<br>B 9<br>C 7-8<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 18 marc | A 16-18<br>B 13-15<br>C 10-12<br>D 8-9<br>E 5-7<br>F 2-4<br>NG 0-1 |
| 4 phointe | as 24 mharc | A 21-24<br>B 17 -20<br>C 13-16<br>D 10-12<br>E 6-9<br>F 3-5<br>NG 0-2 |
| 5 phointe | as 30 marc | A 26-30<br>B 21-25<br>C 17-20<br>D 12-16<br>E 7-11<br>F 5-6<br>NG 0-4 |

## Oiriúntas Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an **Scéim Mharcála** le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag **Coimisiún na Scrúduithe Stáit** dóibh agus a bhfuil **réiltíní** in aice lena scrúduimhreacha ar na **Leatháin Mharcála**.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

**1)** Iarrthóirí a bhfuil cealú ceadaithe dóibh maidir le **litriú** agus **gramadach**.
**Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

**2)** Iarrthóirí a **d'úsáid**:
- scríobhaí
- téipthaifeadán
- próiseálaí focal nó ríomhaire.

**Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le **litriú** agus **cruinneas gramadaí** sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu, **i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6.** Ní chuirtear aon **phionós** ar **'drochlitriú'** ná ar '**easpa cruinnis sa ghramadach'** i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Cluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil **oiriúntais réasúnta faofa** dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir an script a **mharcáil** sa **ghnáthshlí** d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar **luacháil chéimithe** don iarrthóir ansin. Féach thíos.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó/di:

**Ceist 4**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 13** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 14/15** | **→15mharc** |

**Ceist 5**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 15/16** | **→16mharc** |

**Ceist 6 (a) Litir**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 16 – 20** | + **3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 21– 24** | + **4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 25/26/27/28** | **→28 marc** |

**Ceist 6 (b) Alt/Cuntas**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 16 – 20** | + **3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 21– 26** | + **4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 27/28/29/30** | **→30 marc** |

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an **bhfreagarleabhar**, taobh **istigh** agus ar an **gclúdach** taobh **amuigh.**

DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Iomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2016

## GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

**(240 marc)**

# FREAGRAÍ SAMPLACHA

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| **1**. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | |
| **Nóta**: ☞ Ní mór don mharc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis. | |

**ROINN I – CLUASTUISCINT**

| | CUID A | | CUID B | | CUID C | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceist** | **1** | **2** | **1** | **2** | **1** | **2** |
| **Marc** | 8 | 8 | 6 | 6 | 6 | 6 |

☞

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| **ROINN** | **CEIST** | **MARC** |
| **II** | **1** | 30 |
| | **2** | 30 |
| | **3** | 60 |
| **III** | **4** | 20 |
| | **5** | 20 |
| | **6** | 40 |
| **IOMLÁN** ☞ | | 200 |
| **CLUASTUISCINT** ☞ | | 40 |
| **MÓRIOMLÁN** ☞ | | 240 |
| **GRÁD** ☞ | | A |

**ROINN I – CLUASTUISCINT** **(40 marc)**

**CUID A**

## Cuid A (16 mharc)

Sé mhír eolais á lorg

**C.1.** ( An Chéad Chainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc
**C.2**. ( An Dara Cainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc

**Cuid A** = C1. + C.2. = 16 mharc

**An Chéad Chainteoir.**

*Conas atá sibh? Síle Ní Dhonnabháin ag caint libh. Is as Baile Bhuirne i gContae Chorcaí mé. Is feirmeoirí iad mo thuismitheoirí agus is aoibhinn liom a bheith i mo chónaí faoin tuath. Taitníonn éadaí faiseanta liom. Ghlac mé páirt i seo faisin i mo scoil féin cúpla seachtain ó shin. Ba mhaith liom siopa éadaí a bheith agam amach anseo.*

| **Ainm** | **Síle Ní Dhonnabháin** | |
|---|---|---|
| Cad as do Shíle? | ***Baile Bhuirne/ Corcaí/ Contae Chorcaí/Corcaigh*** | **3 mharc** |
| Cén obair a dhéanann tuismitheoirí Shíle? | ***Is feirmeoirí iad /arfheirm/ Feirmeoireacht*** | **3 mharc** |
| Cár ghlac sí páirt i seó faisin? | ***Ina scoil féin/I mo scoil/ Scoil*** | **2 mharc** |

**8 marc**

**Nótaí: (**An Chéad Chainteoir**)**

**An Dara Cainteoir**

*Seán Ó Duibhir an t-ainm atá orm. Tugann m'athair mac na mílaoise orm mar rugadh sa bhliain dhá mhíle mé. Níl deartháir ná deirfiúr agam. Tá mé i mo chónaí le m'athair taobh amuigh de Dhún Dealgan i gCo Lú. Tá mo mháthair ag cur fúithi i mBéal Feirste agus caithim go leor ama ansin léi i rith na laethanta saoire.*

| **Ainm** | **Seán Ó Duibhir** | |
|---|---|---|
| Cén bhliain a rugadh Seán? | ***Dhá mhíle / 2000/ 2 mhíle*** | **3 mharc** |
| Cé leis a bhfuil Seán ina chónaí? | ***Athair / le m'athair / lena athair*** | **3 mharc** |
| Cathain a bhíonn Seán i mBéal Feirste lena mháthair? | ***I rith na laethanta saoire / laethanta saoire / ar saoire*** | **2 mharc** |

**8 marc**

**Nótaí: (**An Dara Cainteoir**)**

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________


## CUID B (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg
**C.1.** ( Fógra)                    = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. ( Píosa Nuachta) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc


**Cuid B** = C1. + C.2. = 12 mharc

### Fógra


*Beidh Scléip ar siúl in Amharclann Clasach Chluain Tarbh i mBaile Átha Cliath Dé Sathairn seo chugainn. Tugann Scléip deis iontach do scoláirí na nGaelscoileanna agus na nGaeltachtaí páirt a ghlacadh i saghsanna éagsúla siamsaíochta ar an ardán. Táthar ag súil leis na céadta a bheith i láthair.*



**(a)**



**(b)**



**(c)**




**(d)**

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bhfógra seo? **d** **= 3 mharc**

**(b)** Cathain a bheidh Scléip ar siúl?


- **(a)** anocht
- **(b)** Dé Sathairn seo chugainn
- **(c)** i rith na seachtaine
- **(d)** Dé Domhnaigh seo chugainn

**b** **= 3 mharc**


**6 mharc**

## Píosa Nuachta


*Deir Comhairle Contae Dhún na nGall go dtig le daoine dul ag snámh arís ar thrá Mhachaire Rabhartaigh. Déardaoin seo caite tháinig míol mór i dtír leis an taoide. Bhí an míol mór marbh. Bhí sé beagnach cúig mhéadar déag ar fad. Cuireadh an míol mór ar an trá.*




**(a)**



**(b)**



**(c)**



**(d)**

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? **b** **= 3 mharc**

**(b)** Cé mhéad méadar ar fad a bhí an míol mór?

- **(a)** beagnach trí mhéadar déag
- **(b)** beagnach ceithre mhéadar déag
- **(c)** beagnach cúig mhéadar déag
- **(d)** beagnach sé mhéadar déag

**c** **= 3 mharc**

**<u>6 mharc</u>**

**CUID C (12 mharc)**

4 mhír eolais á lorg
**C.1.** (Comhrá a hAon) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. (Comhrá a Dó) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc


**Cuid C =** C1. + C.2. = 12 mharc


**Comhrá a hAon**

***An Chéad Mhír***

**Méabh**: *An í sin Áine? Méabh Ní Liatháin anseo.*
**Áine**: *Háigh a Mhéabh. Chuir mé téacs chugat uair a chloig ó shin.*
**Méabh**: *Brón orm, a Áine, ach bhí mé gafa leis an agallamh.*
**Áine**: *Cén t-agallamh a Mhéabh?*
**Méabh**: *Agallamh i gcomhair post samhraidh san ollmhargadh áitiúil.*


**(a)**


**(b)**


**(c)**


**(d)**

**(a)** Cad a bhí á dhéanamh ag Méabh agus Áine? **a** **= 3 mharc**

**An Dara Mír**

**Áine**: *Agus conas a d'éirigh leat, a Mhéabh*?
**Méabh**: *Fuair mé an post. Tosóidh mé i gceann coicíse. Cad fút féin, a Áine?*
**Áine**: *Tá árasán againn in Cannes na Fraince agus beimid ag dul ansin, a Mhéabh.*
**Méabh**: *Le haghaidh Fhéile na Scannán is dócha, a Áine?*
**Áine**: *Ní dóigh liom é, a Mhéabh. Ligimid an t-árasán ar cíos le linn na féile.*

**(b)** Cathain a thosóidh Méabh an post samhraidh?

- **(a)** amárach
- **(b)** arú amárach
- **(c)** i gceann seachtaine
- **(d)** i gceann coicíse


**d** **= 3 mharc**


**<u>6 mharc</u>**


**Comhrá a Dó**


***An Chéad Mhír***

**Aisling**: *Dia ár sábháil! Goidé a tharla duit a Mhánais?*
**Mánas**: *Fuair mé bearradh gruaige, a Aisling, ar son Páistí gan Dídean.*
**Aisling**: *Ní insíonn Skype bréag. Níl ribe gruaige fágtha ar do cheann maol.*
**Mánas**: *B'fhiú é. Bhailigh mé €2,500.*


**(a)**


**(b)**


**(c)**


**(d)**

**(a)** Cad a fuair Mánas? **d** **= 3 mharc**

**An Dara Mír**

**Aisling**: *Maith thú, a Mhánais. Cá ndearnadh an bhearbóireacht?*
**Mánas**: *I Halla an Phobail i gCluain Eois, a Aisling.*
**Aisling**: *Agus na daoine atá maol cheana féin, a Mhánais, cén íobairt a rinne siadsan ar son na cúise?*
**Mánas**: *Cuireadh smideadh ar a n-aghaidheanna, a Aisling.*
**Aisling**: *Agus péint ar ingne na méar agus na gcos, is dócha?*
**Mánas**: *Sea, a Aisling, agus tatúnna sealadacha fosta.*

**(b)** Cad a cuireadh ar ingne na méar agus na gcos?

**(a)** salachar

**(b)** péint

**(c)** bindealán **b** **= 3 mharc**

**(d)** gaineamh

**6 mharc**

**16 + 12 + 12 = 40**

**30 marc**

## ROINN II – LÉAMHTHUISCINT (120 marc)

**Ceist 1** = Meaitseáil = 30 marc, **Ceist 2** = Fógraí = 30 marc, **Ceist 3** = Sleachta leanúnacha = 60 marc
**C.1 + C.2 + C.3 = 120 marc**

**C.1** 30 marc = 3 mharc x 10 = 30 marc

**CEIST 1.** Meaitseáil na pictiúir agus na fógraí/comharthaí sna boscaí thíos agus scríobh na litreacha is fearr a fhreagraíonn do na huimhreacha, dar leat, sna spásanna cuí ar an ngreille. **(30 marc)**

1 **Iarnród Éireann**
Ar fáil
Clár ama an tsamhraidh

2 **Aire!**
Madra Faire

3 **Comórtas Fichille**
Fáilte roimh chách

4 **Traenáil iománaíochta**
Tar éis scoile inniu

5 **Seomra staidéir**
Ciúnas, le do thoil.


6 **Oifig an Rúnaí**
Ar oscailt
9 a.m. - 4 p.m.

7 **Eastát Nua Tithíochta**
Cúpla teach fágtha
Fón: 073-4370568

8 **Siopa athláimhe**
Gach sórt earra ar díol.


9 **Togha scannán anocht**
7.30 p.m.
Halla na Scoile


10 **Comórtas Dairteanna**
Oíche Dé Máirt
**Óstán Uí Mhuirí**
























| Uimhir | Litir | Marc |
|---|---|---|
| 1 | J | 3 mharc |
| 2 | E | 3 mharc |
| 3 | F | 3 mharc |
| 4 | A | 3 mharc |
| 5 | H | 3 mharc |
| 6 | G | 3 mharc |
| 7 | D | 3 mharc |
| 8 | I | 3 mharc |
| 9 | B | 3 mharc |
| 10 | C | 3 mharc |

| Don Scrúdaitheoir<br>**Iomlán reatha→** | 30 |
|---|---|

**15 + 15 = 30**

**CEIST 2.** Freagair do rogha **dhá** cheann de (**a**), (**b**), (**c**). **(30 marc)**

(**a**) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Siopa Spóirt Uí Shé

**Sladmhargadh ar siúl**
**Ag críochnú**
**Déardaoin 26 Iúil**

Gach saghas trealamh spóirt ar díol ar phraghsanna dochreidte!

## Siopa ar oscailt

- Dé Luain - Dé hAoine: 9.00 a.m. – 6.00 p.m.
- Dé Sathairn: 9.00 a.m. – 5.00 p.m.
- Dé Domhnaigh: 11.00 a.m. – 4.00 p.m.

## Ar Leathphraghas

- Bróga peile
- Cultacha snámha
- Bróga reatha lúthchleasaíochta

## Lacáiste 30%

- Galf - Málaí, liathróidí agus maidí gailf
- Iománaíocht – camáin agus clogaid
- Peil ghaelach – stocaí agus lámhainní

**Teagmháil**

**Fón**: 021-726 9782 **Ríomhphost**: eolas@siopaspoirtuishe.ie
**Brabhsáil**: www.siopaspoirtuishe.ie

**(i)** Cathain a bheidh an sladmhargadh ag críochnú?

***Beidh an sladmhargadh ag críochnú ar an Déardaoin 26 Iúil.*** **= 5 mharc**

**(ii)** Cén t-am a bhíonn an siopa ar oscailt ón Luan go dtí an Aoine?

***Bíonn an siopa ar oscailt ón Luan go dtí an Aoine 9.00 a.m. – 6.00 p.m.*** **= 5 mharc**

**(iii)** Luaigh **dhá** rud atá ar díol ar leathphraghas.

***Tá bróga peile / cultacha snámha / bróga reatha lúthchleasaíochta ar díol ar leathphraghas.***

**(3 + 2) = 5 mharc**

**15 mharc**

| Don Scrúdaitheoir Iomlán reatha→ | 30 + 30 | = | 60 |
|---|---|---|---|

(**b**) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Foras na Gaeilge

***Leabhair Ghaeilge i gcomhair na Nollag***

**Ar díol i siopaí leabhar ar fud na tíre**

**Páistí**

Sraith nua de cheithre leabhar
Oiriúnach do naíonraí agus do ranganna naíonán
Is féidir éisteacht leis na leabhair ar dhlúthdhioscaí agus ar DVD

**Déagóirí**

Úrscéalta bleachtaireachta agus eachtraíochta
Leabhair faoin gceol agus faoin spórt
Closleabhair ar dhlúthdhioscaí

**Foghlaimeoirí fásta**

Leabhair do dhaoine fásta ar bheagán Gaeilge
Éasca a thuiscint
Focail mínithe ar gach leathanach

**Cainteoirí líofa**

Gach saghas leabhar
Gearrscéalta, úrscéalta, filíocht, stair, rómánsaíocht, etc.

**Tuilleadh eolais**

**Fón**: 01-7578013 **Ríomhphost**: eolas@forasnagaeilge.ie **Brabhsáil**: www.forasnagaeilge.ie

**(i)** Cá bhfuil na leabhair Ghaeilge ar díol?

***Tá na leabhair Ghaeilge ar díol i siopaí leabhar (ar fud na tíre).*** **= 5 mharc**

**(ii)** Conas is féidir le páistí éisteacht leis na leabhair?

***Is féidir le páistí éisteacht leis na leabhair ar dhlúthdhioscaí nó ar DVD*** **= 5 mharc**

**(iii)** Luaigh **dhá** shaghas leabhar atá ar fáil do chainteoirí líofa.

***Tá gearrscéalta / úrscéalta / filíocht / stair / rómánsaíocht / ar fáil do chainteoirí líofa.***
***Gach saghas leabhar + liosta*** **(3 + 2) = 5 mharc**
***Gach saghas leabhar = 0***

**15 mharc**

(**c**) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

# Zú Bhaile Átha Cliath

## Suite i bPáirc an Fhionnuisce

**Fáilte Roimh Chách**

**An Zú!**

- Bunaíodh Zú Bhaile Átha Cliath in 1831
- Níos mó ná 400 ainmhí ó thíortha éagsúla
- Is féidir picnic, breithlá nó bainis a bheith agat ann!

**Áiseanna**

- Cathaoireacha rothaí ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas
- Bialann - Ceapairí, sceallóga agus píotsa
- Siopa - T-léinte, leabhair, málaí agus bréagáin

**Costas na dTicéad**

- Duine fásta - €16.80
- Páiste - €12.00
- Páiste faoi 3 bliana - Saor in aisce

**Tuilleadh Eolais**

**Fón**: 01-185049 **Ríomhphost**: eolas@zubhaileathacliath.ie
**Brabhsáil**: www.zubhaileathacliath.ie

**(i)** Cathain a bunaíodh Zú Bhaile Átha Cliath?

***Bunaíodh Zú Bhaile Átha Cliath in 1831.*** **= 5 mharc**

**(ii)** Luaigh **dhá** rud atá ar díol sa siopa.

***Tá t-léinte / leabhair / málaí / bréagáin ar díol ann.*** **(3 + 2)** **(3 + 2) = 5 mharc**

**(iii)** Cén costas atá ar thicéad do dhuine fásta?

***Tá costas €16.80 ar dhuine fásta.*** **= 5 mharc**

**15 mharc**

60

**30 + 30**

**(i)** = 6 mharc + **(ii)** = 6 mharc + **(iii)** = 6 mharc + **(iv)** = 6 mharc + **(v)** = 6 mharc: = **(6 x 5 = 30 marc)**

**CEIST 3.** Freagair (**a**) *agus* (**b**) anseo. **(60 marc)**

**(a)** Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

## Micheál D. Ó hUiginn – Uachtarán na hÉireann

**A Shoilse, Uachtarán na hÉireann**

**1.** Is é Micheál D. Ó hUiginn Uachtarán na hÉireann i láthair na huaire. Toghadh mar uachtarán é ar an 11 Samhain, 2011. Is é ár naoú huachtarán é. Cosúil le gach Uachtarán a bhí ar Éirinn roimhe, tá sé ina chónaí in Áras an Uachtaráin i bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath. Tá clú agus cáil air mar pholaiteoir agus mar scoláire.

**2.** Rugadh an tUachtarán Ó hUiginn i gCathair Luimnigh ar an 18 Aibreán, 1941 ach d'fhás sé suas ar fheirm in aice le Cora Chaitlín, Co. an Chláir. D'fhreastail sé ar bhunscoil Bhaile an Chathraigh agus ina dhiaidh sin ar Choláiste Fhlannáin, in Inis. D'oibrigh sé i monarcha agus mar chléireach bainc sular fhreastail sé ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Ina dhiaidh sin rinne sé staidéar in Ollscoil Mhanchain i Sasana agus in Ollscoil Indiana i Meiriceá freisin.

**3.** Ba léachtóir é in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bhí suim ar leith aige sa pholaitíocht agus a bheith ag obair ar son na gnáthmhuintire agus ar son daoine faoi mhíbhuntáiste. Ní haon ionadh mar sin gur toghadh mar ionadaí poiblí é. Chaith sé naoi mbliana mar Sheanadóir i Seanad Éireann agus cúig bliana is fiche mar Theachta Dála i nDáil Éireann.

**4.** Bhí sé ina Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta idir na blianta 1993 agus 1997. Chuir sé an-bhéim ar scannánaíocht agus ar ealaíona na hÉireann. Is faoina stiúir a bunaíodh TG4 i 1996. Labhair sé amach i gcónaí ar son chearta an duine. In 2014, thug sé cuairt oifigiúil ar Shasana, an chéad Uachtarán Éireannach a rinne sin.

**5.** Tá sé pósta le Sabina. Tá ceathrar clainne acu. Is aisteoir í a bhean chéile. Is file cumasach é Micheál D. Ó hUiginn agus tá ceithre leabhar filíochta scríofa aige. Craoltóir is ea é freisin agus rinne sé clár faisnéise bunaithe ar shaol an iar-pholaiteora an Dr Nollaig de Brún. Cinnte is duine cróga, cumasach agus inspioráideach é.

**(i)** Cathain a toghadh Micheál D. Ó hUiginn mar Uachtarán na hÉireann? (**Alt 1**)

***Toghadh mar uachtarán é ar an 11 Samhain, 2011.*** **= 6 mharc**

**(ii)** Ainmnigh post **amháin** a bhí ag Micheál D. Ó hUiginn sular fhreastail sé ar an ollscoil. (**Alt 2**)

***D'oibrigh sé i monarcha / mar chléireach bainc.*** **= 6 mharc**

**(iii)** Cé mhéad bliain a chaith sé mar Theachta Dála i nDáil Éireann? (**Alt 3**)

***Chaith sé cúig bliana is fiche mar Theachta Dála i nDáil Éireann.*** **= 6 mharc**

**(iv)** Cad a rinne Uachtarán na hÉireann in 2014? (**Alt 4**)

***In 2014, thug sé cuairt oifigiúil ar Shasana.*** **= 6 mharc**

**(v)** Cé mhéad leabhar filíochta atá scríofa ag Micheál D. Ó hUiginn? (**Alt 5)**

***Tá ceithre leabhar filíochta scríofa aige.*** **= 6 mharc**

**30 marc**

| Don Scrúdaitheoir Iomlán reatha→ | 60 + 60 | = | 120 |
|---|---|---|---|

(b) **(i)** = 6 mharc + **(ii)** = 6 mharc + **(iii)** = 6 mharc + **(iv)** = 6 mharc + **(v)** = 6 mharc: = **(6 x 5 = 30 marc)**

**(b)** Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

# Príosún Chill Mhaighneann

**1.** Tógadh Príosún Chill Mhaighneann in 1796. Tá sé suite trí chiliméadar go leith ó lár Bhaile Átha Cliath. Ar dtús, tugadh an t-ainm "an príosún nua" air mar bhí seanphríosún eile in aice láimhe. Bhí sé ar cheann de na príosúin ba mhó san Eoraip ag an am. Tá áit lárnach ag Príosún Chill Mhaighneann i stair na hÉireann.

**2.** Sna blianta tosaigh, go háirithe, bhí saol an-dian ag na príosúnaigh ann. Cuireadh fir, mná agus páistí le chéile in aon chillín beag amháin. Is minic a bhíodh cúigear i ngach cillín. Ní raibh teas ar bith sna cillíní agus bhí siad an-tais. Bhíodh na príosúnaigh fuar agus sa dorchadas an chuid is mó den am. Fuair gach cillín coinneal amháin gach coicís.

**3.** Bhí formhór na gceannairí ar gach éirí amach ó 1798 go dtí 1916 ina bpríosúnaigh i bPríosún Chill Mhaighneann. In 1803 bhí Robert Emmet ann. Bhí Charles Stewart Parnell ina phríosúnach ann ar feadh breis agus sé mhí idir 1861 agus 1862. Chaith ceannairí Éirí Amach na Cásca 1916 tamall ann freisin sular cuireadh chun báis iad ansin. Bhí Éamonn de Valera ar dhuine de na príosúnaigh ba dhéanaí i bPríosún Chill Mhaighneann sular dúnadh na doirse air in 1924.

**4.** Bhí plean ann in 1936 Príosún Chill Mhaighneann a leagan go talamh ach bhí sé róchostasach ag an am é sin a dhéanamh. Ansin in 1960 tháinig grúpa deonach le chéile agus thosaigh siad ar an áit a ghlanadh suas agus a réiteach. Bhí an obair mall agus ní raibh mórán airgid ar fáil. Bhí an obair sin go léir críochnaithe faoin mbliain 1971.

**5.** Tá clú agus cáil ar Phríosún Chill Mhaighneann anois. Tá sé ina ionad mór turasóireachta. Tugann a lán turasóirí ón tír seo agus ó thíortha thar lear cuairt air gach bliain. Tugann treoraithe na turasóirí timpeall an phríosúin. Níl aon phríosúnach ansin anois ach tá an áit lán de stair na hÉireann. Is minic a thugtar "Bastille na hÉireann" ar Phríosún Chill Mhaighneann anois.

**(i)** Cá bhfuil Príosún Chill Mhaighneann suite? (**Alt 1**)

***Tá sé suite trí chiliméadar go leith ó lár <u>Bhaile Átha Cliath</u>.*** **= 6 mharc**

**(ii)** Cé mhéad duine a bhí i ngach cillín? (**Alt 2**)

***Is minic a bhíodh <u>cúigear</u> i ngach cillín.*** **= 6 mharc**

**(iii)** Cén fhad a chaith Charles Stewart Parnell i bpríosún ann? (**Alt 3**)

***Chaith Charles Stewart Parnell <u>breis agus sé mhí</u> ann idir 1861 agus 1862.*** **= 6 mharc**

**(iv)** Luaigh an fáth nár leagadh an príosún in 1936. (**Alt 4**)

***Bhí sé <u>róchostasach</u> ag an am é sin a dhéanamh.*** **= 6 mharc**

**(v)** Conas atá clú agus cáil ar Phríosún Chill Mhaighneann anois? (**Alt 5**)

***Tá sé ina ionad mór turasóireachta/Tugann a lán turasóirí ón tír seo agus ó thíortha thar lear cuairt air gach bliain/Tá an áit lán de stair na hÉireann/ Is minic a thugtar "Bastille na hÉireann" ar Phríosún Chill Mhaighneann anois.*** **= 6 mharc**

**<u>30 marc</u>**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Roinn III** | **Scríobh na Teanga** | **Gach gach ceist le freagairt** | **80 marc** |

**C.4** = **Cárta Poist** = 20 marc; **C.5** = **Blag / Cuntas** = 20 marc; **C.6** = **Litir *nó* Alt / Cuntas** = 40 marc

<u>**C**.4 + **C**.5 + **C**.6 = 80 marc</u>

**20**

## C. 4 Cárta Poist 20 marc

Tá tú ag freastal ar choláiste samhraidh sa Ghaeltacht. Scríobh **cárta poist** abhaile chuig do thuismitheoirí.

Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:

**Na Pointí Eolais/ Tascanna luaite**

- P1: pointe amháin eolais faoin gcoláiste samhraidh
- P2: imeacht amháin ar ghlac tú páirt ann
- P3: an aimsir
- P4: rud amháin faoin áit nach maith leat
- P5: an lá a fhillfidh tú abhaile.

**Na Marcanna don Eolas (marc as 5 mharc)**

- Cúig cinn de na pointí eolais luaite = 5 mharc
- Ceithre cinn de na pointí eolais luaite = 4 mharc
- Trí cinn **de na pointí eolais luaite** = 3 mharc
- Dhá cheann de na pointí eolais luaite = 2 mharc
- Ceann amháin de na pointí eolais luaite = 1 mharc

- Ní gá síniú ná beannú a bheith ann.
- Bronn na marcanna eolais ar phointí loma.

✓ **Eolas =** Comhlíonadh na bpointí atá luaite = marc as 5 mharc
✓ Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.
✓ **N.B**. Má tá sé soiléir nach bhfuil an t-iarrthóir **ar Choláiste Samhraidh, bain (-3 mharc) den mharc a bronnadh** mar níl an tasc comhlíonta.
✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide **15 mharc**

✓ '0'<u>**(náid)**</u> ar eolas ➔ '0'<u>**(náid)**</u> ar Ghaeilge.

✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'.

<u>**Eolas:** 5 mharc</u>
<u>**Gaeilge:** 15 mharc</u>

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | 120 + 20 | = | 140 |
|---|---|---|---|

# **Ceist 4** (Cárta Poist)

| **Eolas** | **Marc don Ghaeilge** | **Grád** |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 3 mharc | A 3<br>B 2<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 6 mharc | A 5-6<br>B 4<br>C 3<br>D 2<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 9 marc | A 7-9<br>B 6<br>C 5<br>D 4<br>E 3<br>F 1<br>NG 0 |
| 4 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 5 phointe | as 15 mharc | A 13-15<br>B 10-12<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 1 |

**CEIST 5.** **(20 marc)**

Is tusa Máire *nó* Brian sna pictiúir thíos. Scríobh cuntas / blag faoi na rudaí a tharla sna **pictiúir 1 - 3**.




| **Pictiúr 1** | **Pictiúr 2** | **Pictiúr 3** | **Pictiúr 4** |
|---|---|---|---|
| Cuireadh dul ag campáil | Glacadh leis an gcuireadh | Eolas faoin gcampáil | Cuntas / blag |

Luaigh **sa chuntas / sa bhlag:**

- an fáth a raibh tú ar an bhfón (**Pictiúr 1** = pointe eolais amháin)
- cad a tharla ansin (Pictiúr 2 = pointe eolais eile)
- cuntas ar an deireadh seachtaine ag campáil. (**Pictiúr 3** = dhá phointe eolais)

**Deireadh Seachtaine ag Campáil**

- **Eolas** = Comhlíonadh na bpointí atá luaite = marc as 4 mharc.
- **Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.**
- **N.B.** Muna ndéantar tagairt do **'Campáil'** bain (-3 mharc) den mharc a bronnadh mar níl an tasc comhlíonta.

- **Na Marcanna don Eolas (marc as 4 mharc)**

- **Ceithre cinn** de na pointí eolais luaite = 4 mharc
- **Trí cinn** de na pointí eolais luaite = 3 mharc
- **Dhá cheann** de na pointí eolais luaite = 2 mharc
- **Ceann amháin** de na pointí luaite = 1 mharc

✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **blocmharc as 16 mharc**

✓ ‘0’**(náid)** ar eolas ➔ ‘0’**(náid)** ar Ghaeilge.

✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar ‘**Eolas**’ agus an marc a bhronntar ar ‘**Gaeilge**’

Muna bhfuil an scríbhneoireacht sa chéad phearsa cuir pionós san mharc don Ghaeilge

**Eolas:** 4/4
**Gaeilge:** 16/16

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | 140 + 20 | = | 160 |
|---|---|---|---|

# Ceist 5 Cuntas/Blag

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 4 mharc | A 3-4<br>B 3<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 8 mharc | A 7-8<br>B 6-7<br>C 4-5<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 4 phointe | as 16 marc | A 14-16<br>B 11-13<br>C 9-10<br>D 6-8<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |

**CEIST 6.** Freagair (**a**) **Litir** *nó* (**b**) **Alt / Cuntas** anseo. **(40 marc)**

## Litir

Chuaigh tú ag siopadóireacht le do chara agus tharla timpiste duit. Scríobh litir chuig do dheirfiúr atá ag obair i Londain agus inis di cad a tharla.




Luaigh na pointí seo sa litir:

- ✓ **Eolas** = as 8 marc (2 mharc x 4) = 8 marc
- ✓ Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.

| | |
|---|---|
| **Na Pointí Eolais / Tascanna luaite**<br>**P.1** conas a chuaigh sibh go dtí an t-ionad siopadóireachta<br>**P.2** cad a tharla san ionad siopadóireachta<br>**P.3** cad a tharla nuair a tháinig an bainisteoir<br>**P.4** cad a tharla san ospidéal. | • **Foirmlí:** = 4 mharc<br>• **Seoladh:** = 1 mharc<br>• **Dátaí:** = 1 mharc<br>• **Beannú:** = 1 mharc<br>• **síniú scoir:** = 1 mharc |
| **Na Marcanna don Eolas (marc as 8 mharc)**<br>**Ceithre cinn** de na pointí eolais luaite = 8 marc<br>**Trí cinn** de na pointí eolais luaite = 6 mharc<br>**Dhá cheann** de na pointí eolais luaite = 4 mharc<br>**Ceann amháin** de na pointí luaite = 2 mharc | ✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: blocmharc as **28 marc**<br>✓ '0'**(náid)** ar eolas ➔ '0'**(náid)** ar Ghaeilge.<br>✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**' |

**F= 4/4**
**E= 8/8**
**G=28/28**
**[C.6 (a) = 40]**




| | | | |
|---|---|---|---|
| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | 160 + 40 | = | 200 |

# Ceist 6 (a) Litir

| **Eolas** | **Marc don Ghaeilge** | **Grád** |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 7 marc | A 6-7<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 14 mharc | A 12-14<br>B 10-11<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |
| 3 phointe | as 21 mharc | A 19-21<br>B 15-18<br>C 12-14<br>D 8-11<br>E 5-7<br>F 3-4<br>NG 0-2 |
| 4 phointe | as 28 mharc | A 24-28<br>B 20-23<br>C 15-19<br>D 11-14<br>E 7-10<br>F 4-6<br>NG 0-3 |

(**b**) **Alt / Cuntas** (15 líne nó mar sin).

Is tusa Eithne *nó* Liam, duine de na daoine óga sna pictiúir thíos. Scríobh síos an scéal atá léirithe sa tsraith pictiúr. Is tusa atá ag insint an scéil.




- ✓ **Eolas:** 2 mharc x 5 = 10 marc
  [**Eolas**:pointe amháin bunaithe gach bosca + pointe eolais ar bith eile as bosca ar bith]

**Gaeilge:**

- ✓ Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **blocmharc as 30 marc**
- ✓ ‘0’**<u>(náid)</u>** ar eolas ➔ ‘0’**<u>(náid)</u>** ar Ghaeilge.
- ✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar ‘**Eolas**’ agus an marc a bhronntar ar ‘**Gaeilge**’

**E= 10/10**
**G=30/30**
**[C.6 (b) = 40]**

# Ceist 6 (b) Alt/Cuntas

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 6 mharc | A 6<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 12 mharc | A 10-12<br>B 9<br>C 7-8<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 18 marc | A 16-18<br>B 13-15<br>C 10-12<br>D 8-9<br>E 5-7<br>F 2-4<br>NG 0-1 |
| 4 phointe | as 24 mharc | A 21-24<br>B 17 -20<br>C 13-16<br>D 10-12<br>E 6-9<br>F 3-5<br>NG 0-2 |
| 5 phointe | as 30 marc | A 26-30<br>B 21-25<br>C 17-20<br>D 12-16<br>E 7-11<br>F 5-6<br>NG 0-4 |

**Nótaí :**